Tue 07/06/2016 09:19

A chara,

Tá mo mholtaí don chomhairliúchán ar siúl agaibh faoi láthair don Ráiteas Straitéise 2016-2018 thíos.

Go raibh maith agat,

Julian de Spáinn

**1. Polasaí Oideachais Gaeltachta**

Rinneadh cuid mhór oibre ar chomhairliúchán maidir le Polasaí Oideachais Gaeltachta, polasaí atá ag teastáil go gear ar scoileanna Gaeltachta faoi láthair. Níl aon rud luaite istigh sa Ráiteas Straitéise nó sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta faoin Pholasaí seo, cén uair a foilseofar é nó cad iad na céad céimeanna eile leis an obair seo a chur i gcrích. Ba chóir go bhfoilseofar an polasaí seo a luaithe agus na hacmhainní cuí a chur ar fáil leis an pholasaí seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Tá siollabas nua luaite sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta do chorpoideachas i scoileanna mar gheall go n-aithnítear an tábhacht a bhaineann le folláin agus sláinte. Níl aon fáth ann nach féidir amhlaidh a dhéanamh do scoileanna Gaeltachta nó do dhaltaí a bhfuil an Ghaeilge acu mar theanga baile.

**2. Polasaí cuimsitheach do mhúineadh na Gaeilge ó na naíolann go tríú leibhéal**

Tá polasaí cuimsitheach de dhíth ar an Roinn Oideachais agus Scileanna do mhúineadh na Gaeilge ó naíolann go dtí an tríú leibhéal. Is gá ardchaighdeán Gaeilge a chinntiú ag gach leibhéal leis an éispéireas oideachais is fearr a thabhairt do dhaltaí.